Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Gaeilge

## Páipéar 1: Léitheoireacht

*G9574*

## [G9574]

## Assessment
## Measúnú

**Assessment Level of Control:** **Leibhéal Rialaithe an Mheasúnaithe**
**Tick the relevant box (✓)** **Ticeáil an bosca ábhartha (✓)**

| | |
|---|---|
| Controlled Conditions | |
| Other | |
| Coinníollacha Rialaithe | |
| Eile | |

**AM**

1 uair 30 bomaite.

**TREOIRD'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí a théann leis an cheistpháipéar seo.

Freagair **gach** ceist.

**EOLASD'IARRTHÓIRÍ**

Tá **60** marc ar fad ag dul don pháipéar seo.
Léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Gheobhaidh tú iatán sa pháipéar seo, atá le húsáid le **ceist 2(a)**, **agus (b)**.
Ná scríobh do fhreagraí san iatán seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Ceist** | **Marcanna** |
| 1(a) | |
| 1(b) | |
| 1(c) | |
| 1(d) | |
| 2(a) | |
| 2(b) | |
| 3 | |
| **Iomlán na marcanna** | |

**Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas.**

## 1 Níl ceist na Gaeilge ina ceist náisiúnta níos mó

Tá roinnt mhaith seachtainí ann ó foilsíodh torthaí daonáirimh ar na mallaibh a léirigh gur tháinig laghdú 11% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht le cúig bliana anuas. Ba “údar díomá” agus “údar imní” na torthaí acu siúd a mbeifeá ag súil leis go mbeadh a leithéid ina “údar díomá” agus ina “údar imní” acu. Eisíodh roinnt ráiteas. Dúirt polaiteoir nó dhó gur léiriú a bhí ann ar fhaillí an rialtais i leith na teanga agus ar theip na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge. Dúirt polaiteoir nó dhó eile go raibh an Straitéis á cur i bhfeidhm agus go bhfeicfí a rian amach anseo.

Dúirt an Taoiseach féin le tuairisc.ie go gcaithfimis ar fad treisiú ar ár “n-iarrachtaí ar son na Gaeilge” i bhfianaise na dtorthaí. Bhí dóchas aige go mbeadh “tionchar dearfach ar staid reatha na Gaeilge sa tréimhse atá romhainn” ag na polasaithe atá faoi láthair ann. Rinneadh anailís ar na figiúirí ar an tsuíomh seo agus pléadh chomh maith iad ar na meáin Ghaeilge eile. Ach seachas an méid sin, rinneadh neamhscéal den fhianaise is déanaí seo ar an ghéarchéim teanga sa Ghaeltacht.

Is fearr, b’fhéidir, a thuigfear na cúiseanna leis an laghdú ar líon na gcainteoirí laethúla sa Ghaeltacht de réir mar a thiocfaidh tuilleadh eolais ina thaobh ach, idir an dá linn, léirigh scéal na Gaeilge sa daonáireamh go soiléir dúinn athuair nach ceist náisiúnta í ceist na Gaeilge a thuilleadh. Is mar sin atá le tamall maith de bhlianta anois, ach ba dhóigh leat go raibh an scéal seo tromchúiseach go leor chun go dtabharfadh na meáin Bhéarla aird air. Níor chuir siad suim dá laghad ann, agus ní hiadsan amháin a ghéill do pheaca na faillí.

Ní dhearnadh ach cúpla nóiméad cainte faoi na torthaí sa Dáil agus mhaígh Aire Stáit na Gaeltachta gur cúrsaí imirce ba chúis leis an laghdú i nDún na nGall, amhail is gur leor sin mar mhíniú ar an laghdú 15.8% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa cheantar Gaeltachta sin. Bhí ráitis na n-eagraíochtaí Gaeilge féin lag go maith agus iad ar a ndícheall, shílfeá, ag iarraidh focail amhail “géarchéim” nó “éigeandáil” a sheachaint ar eagla go gcuirfí síos dóibh gur dream duairc ar bheagán dóchais iad. An té a bhí ag súil le ráiteas láidir nó moladh radacach nua nó cruinniú éigeandála féin, bhí sé meallta.

*Foinse“Níl ceist na Gaeilge ina ceist náisiúnta níos mó agus is geall le toil tost!” by Seán Tadhg Ó Gairbhí, 26 April 2017. © Tuairisc.ie*

**(a)** Ag úsáid an eolais sa tsliocht aimsigh cad é a thugann an daonáireamh le fios ó thaobh na Gaeilge de.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

2. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

3. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

4. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

5. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**(b)** Leis an eolas sa tsliocht, mínigh an dóigh ar léirigh an t-údar tuairisciú na meán ar an scéal.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

2. ______________________________________________

______________________________________________ [4]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(c)** Mínigh trí dhóigh a ndéanann an t-údar iarracht tionchar a imirt ar an léitheoir maidir le figiúirí sa téacs.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

3. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**(d)** Trí fhocail agus fhrásaí atá le feiceáil sa tsliocht, mínigh ceithre dhóigh ar éirigh leis an údar dearcadh na Dála agus na n-eagraíochtaí Gaeilge a chur i láthair don léitheoir.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________ [2]

2. ______________________________ [2]

3. ______________________________ [2]

4. ______________________________ [2]

Examiner Only

| Marks | Remark |
|---|---|
| | |

**2** Úsáid an t-iatán "An Córas Sláinte sa tír seo" chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Scríobhadh an t-alt le daoine a chur ar an eolas faoi staid an chórais sláinte sa tír seo. Léirigh tagairtí atá le feiceáil san iatán, focail, frásaí nó abairtí, a léiríonn na laigí atá ar an chóras sin.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

**(i)** ______________________________

[4]

Aimsigh tionchar an údair sa téacs a léiríonn fianaise go bhfuil "an córas sláinte ina phraiseach" ar fad ar fad.

**(ii)** ______________________________

[4]

**(b)** Úsáid an t-iatán "An Córas Sláinte sa tír seo" chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.

Scríobh alt a chuireann síos ar an dóigh a mbaineann údar an tsleachta úsáid as teanga le dul i bhfeidhm ort le tú a chur ar an eolas faoi ghéarchéim an chórais sláinte.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

[15]

3 **Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla.**

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**It has not been possible to secure copyright clearance for this extract. CCEA cannot therefore make it publicly available."**

*Foinse: www.bbculsteroyb@bbc.co.uk*

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

[10]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

# Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

**[G9574]**

**Assessment**

**Measúnú**

# IATÁN

**Le húsáid le ceist 2.**
**Ná scríobh do fhreagraí san iatán.**

## Iatán

## An Córas Sláinte sa tír seo



*Foinse: © Getty Images*

An é an córas sláinte sa tír seo an laige is mó atá againn? Caithfidh mé a admháil gur beag lá a théann thart nach mbíonn tagairt de chineál éigin ar na meáin faoi dhrochbhail ár gcórais sláinte. Is rómhinic a chluintear polaiteoirí na tíre á bplé seo a leanas: na liostaí feithimh; an ganntanas leapacha atá ann; na dochtúirí agus altraí a bhíonn ag obair de lá is d’oíche; an dóigh a gcaitear le seandaoine sa chóras sláinte poiblí agus fadhbanna eile a bhíonn ag cur brú uafásach ar na seirbhísí éigeandála.

Bíonn daoine ar fud na tíre ag fanacht agus ag fulaingt, agus is mór an scannal é seo. Anuas air sin, nuair a fhaigheann daoine dáta cinniúnach, bíonn orthu fanacht arís ar feadh uaireanta an chloig ar thralaithe i bpasáistí ospidéil mar thoradh ar ghanntanas leapacha ar fud na tíre. An gcreidfeá é? Ní dóigh ar bith é seo le caitheamh le daoine breoite! Níos measa fós, bíonn na hoibrithe sna hospidéil thíos leis chomh maith mar is minic a bhíonn orthu uaireanta fada a dhéanamh gan nóiméad sosa a bheith acu. Sin an fáth a bhfuil an-chuid dochtúirí ag fágáil na tíre chun post níos fearr a fháil thar lear. Mar thoradh ar na huaireanta míréasúnta, beidh seans níos mó ann go ndéanfaidh na hoibrithe botúin a rachaidh i bhfeidhm go mór ar na hothair.

Ar mhí-ámharaí an tsaoil, tá fadhbanna a bhaineann leis an chóras lochtach seo ag méadú.
Ar an chéad dul síos, tá daonra na tíre seo ag dul in aois agus is ábhar imní iad fadhbanna reatha an mhurtaill, an diaibéitis, an bhroincítis agus na hailse atá ag cur brú dochreidte ar na seirbhísí éigeandála.

Creidim go láidir gur chaith rialtas i ndiaidh rialtais airgead go fánach in ionad airgead a chur i scéimeanna fiúntacha. Ba chóir go mbeadh náire ar an rialtas! Ní haon ionadh mar sin go bhfuil an córas sláinte ina phraiseach. Ba chóir níos mó airgid a infheistiú chun cuid de na fadhbanna seo a shárú. Sa tslí sin, bheadh muintir na tíre ní ba shláintiúla agus ní bheadh orthu fanacht sna hospidéil! Ar an dóigh sin, b’fhéidir go laghdófaí géarchéim na dtralaithe. Mar a deir an seanfhocal, “Is fearr cosc ná leigheas!” Gan amhras, feictear dom go bhfuil dul chun cinn mór le déanamh sa chóras sláinte agus go bhfuil sé in am don rialtas dul i ngleic leis an laige is mó atá againn.

*Foinse: An córas sláinte sa tír seo, An laige is mo atá againn? © Studyclix*

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

12498.02/3